



An Láirionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

Éachtaí, dúshlán agus aschuir mhóra 2012

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúirthóra

Tugann an foilseachán seo tagairt do rogha bheag gníomhaíochtaí tábhachtacha ó 2012 ach ní fhreagraíonn sin do raon iomlán éachtaí an ECDC i 2012.

Is féidir mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí an ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin, agus a phlean oibre a fháil sa leagan neamhghiorraithe den Tuarascáil Bhliantúil.

Deismireacht mholta: Éachtaí, dúshláin agus aschuir mhóra 2012 - Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra. Stócólm: ECDC; 2013.

Stócólm, Meitheamh 2013

ISBN 978-92-9193-524-6

ISSN 1977-0081

doi 10.2900/96501

Uimhir chatalóige TQ-04-13-046-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2013

Gach pictiúir © ECDC, seachas Olga Palma, clúdach tosaigh (i bhfad amach ar an eite dheis); Valentin D, leathanach 6; Oscar Fava, leathanach 7; CDC/Ray Butler, Janice Haney Carr, leathanach 12.

Ceadaítear an foilseachán a atáirgeadh, ar an gcoinníoll go hadmhaítear an foinse.

Ní féidir grianghraif a úsáidtear san fhoilseachán seo atá faoi chóipcheart a úsáid le haghaidh cuspóirí seachas an foilseachán seo gan cead sainráite shealbhóir an chóipchirt.



Brollach Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Ba mhór an onóir í domsa i Samhain 2012 nuair a thogh an Bord Bainistíochta mé i mo Chathaoirleach orthu. Ba mhaith liom an brollach seo a thosnú trí bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord don mhuinín

a chuireadar ionam. Is mian liom chomh maith comhghairdeas a ghabháil le mo Leas-Chathaoirleach, an Dr Tíiu Aro, as í a bheith tofa. Táim ag tnúth oibriú i dteannta Tíiu Aro, Marc Sprenger agus na Comhaltaí Boird sna blianta romhainn chun chomhdhlúthú agus tógáil ar éachtaí mo réamhtheachtaí urraimiúil, an tOllamh Dr Hubert Hrabcik (Cathaoirleach, Bord Bainistíochta, 2008-12).

Cheap an Fhrainc mé mar bhall de Bhord an ECDC i 2008, nuair nach raibh an tIonad ach ina thosach. Mar bhall den Bhord agus i mo chumas mar Ard-Stiúrthóir ar Institiúid na Fraince le haghaidh Faire Sláinte Poiblí (InVS), chuaigh an ról a d'imir an ECDC nuair a thugadar tacaíocht don AE agus do na Ballstáit agus iad ag freagairt don chéad bhriseadh amach paidéimeach den fhliú a tharla san aonú haois is fiche (2009-10) agus don bhriseadh amach il-tíortha

den Shiga a ghineann tocsainí, chuaigh sé go mór i bhfeidhm orm. *E. coli* (STEC) O104 dírithe ar thuaisceart na Gearmáine i 2011.

Beidh an bhliain 2013 ríthábhachtach don chéad chéim eile d'fhorbairt an ECDC. Ní mór don Bhord Bainistíochta aontú le Clár Ilbhliantúil Straitéiseach nua don Lárionad a chlúdóidh 2014-20. Is tréimhse a bheidh anseo ar dócha a mbeidh srianta leanúnacha buiséide leis an earnáil sláinte poiblí i ngach tír san AE. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéantar cur síos ar an tacaíocht agus luach breise ón AE a thugann an ECDC do na cláir náisiúnta le aghaidh galar a chosc agus a rialú.

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil agus ó a bheith ag athchuímhne faoi cad a phléamar ar an mBord i 2012, tá muinín agam go bhfuileamar ar an mbóthar ceart. Táim ag tnúth le 2013 níos rathúla fós!

An Dr Françoise Weber.

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta
22 Feabhra, 2013



Réamhrá an Stiúrthóra

I 2012 chonaiceamar trí rud difriúla don chéad uair i stair ár Lárionaid. I Márta, ghlac an ECDC le cathaoirleacht Líonra Gníomhaireachtaí an AE. I Meán Fómhair, chuireamar i láthair an chéad Chruinniú Comhstraitéis, ag tabhairt le chéile na páirtneirí teicniúla is tábhachtaí san

Ionad. Ina dhiaidh sin, i Samhain, thosaigh ár mBord Bainistíochta a sainordú don thréimhse 2012-16 agus thoghadar ár gcéad ban-Chathaoirleach, an Dr Françoise Weber.

In ár gClár Oibre don bhliain 2012, d'aithníomar díobairt bruitíní mar ár n-aidhm crosghearrtha don bhliain. Tar éis borradh na gcásanna bruitíneach a thuairiscíodh san AE i 2011, bhraith an ECDC agus a chomhpháirtithe go raibh sé tábhachtach próifíl an dúshlán sláinte poiblí seo a ardú. Tá an ECDC tar éis tuarascálacha faireachais míosúil a chumadh ar staid na bruitíní san AE, ón bhfomhar i 2011.

In 2012, chaith an ECDC cuid mhaith fuinnimh intleachtúil agus iad ag déanamh anailís ar na bacainní a bhaineann le hardú clúdach vacsaín bhruitíneach san AE, agus d'oibrigh siad go dian chun roghanna a shainaithint leis na bacainní sin a shárlú. Cuid dár n-iarrachtaí ab ea 'Cruinniú Saorsmaointeoirí' nuálach in Aibreán

agus cruinniú le hionadaithe ó dhaoir deachar le teacht orthu i Meán Fómhair. Toradh ár n-iarrachtaí ea ba pacáiste d'anailís agus do roghanna le haghaidh gníomhaíochtaí a chuireamar i láthair ag Comhdháil an AE ar Vacsaíniú Óige a rinne an Coimisiún Eorpach i Lucsamburg a óstáil i nDeireadh Fómhair. Agus anailís láidir ar na fadhbanna agus roinnt roghanna éifeachtiúla le haghaidh gníomhaíochta, is dóigh liom go bhfuil an bóthar i dtreo díbirt bruitíneach san AE níos soiléire gan amhras.

I measc bhuaicphointí eile na bliana 2012, i mo thuairim, ab ea an dul chun cinn a rinneamar maidir le comhar idir saotharlanna sláinte poiblí sna tíortha éagsúla an AE a láidirú, agus forbairt na n-uirlisí a thugann cabhair do thíortha atá ag teacht isteach san Aontas Eorpach measúnú go bhfuil siad ullamh chun páirt a ghlacadh i gcóras an AE do ghalar a chosc agus a rialú. Mar sin féin, bhí go leor buaicphointí eile. Iarraim ort féachaint tríd an bróisiúr agus na buaicphointí a léamh ar do shon féin le haghaidh na saincheisteanna agus na ngalar a mbímid ag obair orthu.

Dr Marc Sprenger

Stiúrthóir ECDC
20 Feabhra, 2013



Tiomanta do shláinte an phobail: Foireann ECDC lasmuigh den Tomteboda ceanncheathrú

ECDC - toisc go bhfuil tábhacht ag baint le sláinte an phobail

Bunaithe i 2005 agus lonnaithe i Stócólm, an tSualainn, is é an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh a bhfuil an fhreagracht aici cosaint na hEorpa i gcoinne galair thógálacha a neartú. Aithníonn, measnaíonn, agus déanann an ECDC cumarsáid ar bhagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn do shláinte an duine a bhaineann le galair thógálacha agus tacaíonn sé Ballstáit an Aontais Eorpaigh ina n-ullmhacht agus ina n-iarrachtaí freagartha. Cuireann an tIonad comhairle eolaíoch ar fáil do Bhallstáit an AE/LEE agus is foinse iontaofa d'fhaisnéis agus d'acmhainní é i ngach réimse a bhaineann le sláinte an phobail.

Sa bhliain 2012, bhí ECDC i bhfeighil ar bhuiséad lárnach de EUR 58.2 milliún, méadú de 2.8% ó 2011.

Ón 31 Nollaig 2011 amach, bhí 278 ball foirne buan ag an ECDC i mbun taighde, faireachas galair, galar a aimsiú, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáide, agus riarachán.

Is í sláinte phoiblí ár ngnó

Is é ceann de na príomhláidreachtaí ata ag ECDC ná a chumas freagairt go tapa do na hathraithe eipidéimeolaíocht a bhaineann le na galair theagmhálacha. Chun é seo a bhaint amach, oibríonn agus cothabhálann an ECDC trí chóras, agus gach ceann acu riachtanach do réimse amháin ar leith de rialú galair: EPIS (faisnéis eipidéime), TESSy (faireachas galair), agus EWRS (bagairt a bhraith).

Is córas cumarsáide slán bunaithe ar an ngréasán é an Córas Faisnéise Éirim (EPIS) a ligeann do mhalartú idirnáisiúnta faisnéise teicniúla agus rabhaidh luath ar ráigeanna de ghalair thógálacha. Úsáideann eipidéimeolaí agus micribhitheolaí atá ag obair i réimsí galair éagsúla an EPIS chun cur in iúl do chomhghleacaithe i dtíortha eile faoi chásanna d'inní práinneacha agus roinneann siad a nanailísí eolaíochta i bhfóraim an EPIS ar líne.



Cruinniú comhcheime ag Ionad Oibríochtaí Éigeandála an ECDC

Is córas bunachar sonraí an-solúbtha é an Córas Faireachais Eorpach (TESSy) chun sonraí galair a bhailiú. Tuairiscíonn tríochoa tír an AE/LEE sonraí ar ghalair teagmhálacha go dtí an córas. Seoladh TESSy i 2008 agus, chomh maith le faireachas ghnáthaimh, tá sé tar éis roinnt córas bailithe sonraí ina dtugtar 'líonraí faireachais tiomnaithe' orthu a ionadú, agus anois cuireann ionad ilfhreastail ar fáil do shaineolaithe le haghaidh sonraí faireachais san AE.

Is córas faoi iontaoibh ríomhaireachta é an Córas Rabhadh Luath agus Freagairt (EWRS) a ligeann do bhallstáit práinneacha a sheoladh faoi chúrsai sláinte a bhfuil tionchar féideartha ar an AE acu, eolas a roinnt, agus na scéimeanna freagartha atá ag teastáil chun sláinte an phobail a chosaint. Baineadh úsáid rathúil as an gcóras cheana féin le haghaidh ráigeanna roimhe SARS, flú paindéimeach A (H1N1) agus galar teagmhálach eile.

An bhliain faoi athbhreithniú

Tugann an foilseachán seo tagairt do rogha beag gníomhaíochtaí tábhachtacha ó 2012, ach ní fhreagraíonn sin do raon iomlán éachtaí an ECDC i 2012. Is féidir mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin, agus a phlean oibre a fháil sa leagan neamhghiorraithe den Tuarascáil Bhliantúil¹.

¹ An Láirionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Tuarascáil Bhliantúil an stiúrthóra - 2012. Stóciólm: ECDC; 2013.

Troid in aghaidh friotaíochta frithmhiocróbaí

Thug níos mó ná 3 000 ospidéal sonraí don chéad shuirbhé ar scála mhór leis an ECDC do na hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus úsáid fhrithmhiocróbach in ospidéal ghéarchúraim na hEorpa.

Tharla bailiúcháin na sonraí idir Bealtaine 2011 agus Samhain 2012 i ngach Ballstáit an AE, san Íoslainn, san Iorua, agus sa Chróit.

Thaispeáin réamhanailís ar shampla ionadaíoch de 905 ospidéal (226 829 othar i 13 601 barda) go raibh ionfhabhtú a bhain le cúram sláinte ar 5.9% de na hothair chláraithe ar an lá a rinneadh an suirbhé, agus frithmhiocróbach amháin ar a laghad á fháil ag 35% dóibh.

Tá friotaíocht fhrithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte i measc na bhfadhbanna sláinte poiblí is tromchúisí, idir go domhanda agus san Eoraip. Measann an ECDC go bhfaigheann thart ar cheithre mhilliún othar sna 27 Ballstát ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte agus go dtarlaíonn thart ar 37 000 bás mar thoradh díreach ar na hionfhabhtuithe siúd. Is iad na baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh ildrugáí is coitianta, m.sh. baictéir fhrith-mheiticilline, is cúis le cuid mhór de na básanna. *Staphylococcus aureus* (MRSA), táirgeoir de bhéite-lachtamáisí le



Faireachas ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte: ag coiméad soláthróirí cúramaí sláinte ar an eolas faoi phatrúin ghálair, rud a chabhraíonn chun ionfhabhtuithe eile a bhrath agus a chosc

speictream leathnaithe *Enterobacteriaceae*, agus frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí *Pseudomonas aeruginosa*, ina bhfuil líon na mbásanna inchurtha go díreach measta faoi láthair ag 25 000.

3 000+



Ní hamháin go mbíonn bithéagsúlacht dhúchasach san Eoraip i mbaol mór atá ag fás go tapa mar gheall ar speicis ionracha, ach d'fhéadfadh sláinte saoránach na hEorpa a bheith i mbaol freisin.

Foilsíodh treoirlínte praiticiúla d'fhaireachas faoi mhuiscítí ionracha i dtíortha an AE agus úsáideadh go héifeachtíúil iad i dtionscadal píolótach sa Bheilg².

1 357

Ráflaí faoi mhuiscítí

Ar 11 Samhain 2012, thuairiscigh údaráis sláinte poiblí i Maidéara iomlán de 1 357 cás carnacha d'fhiabhras deinge. Saptar fiabhras deinge trí ghreim ón *muiscítí Aedes* ionfhabhtaithe.

Sa bhliain 2012, mar a tharla sna blianta roimhe, chuir an ECDC cúnamh ar an láthair ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit ina bhfreagra ar ráigeanna: rinneadh misean go Maidéara trí seachtaine tar éis foláirimh an fhiabhrais deinge i nDeireadh Fómhair, agus an sprioc a bhí ann córas faireachais leictreonaigh a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ráigeanna deinge.

Galar eile iompartha ag mhuiscítí ea ba maláire a raibh saineolaithe ECDC buartha faoi: Le linn

comh-mhisin ECDC-WHO chun na Gréige i Samhain 2012, rinneadh measúnú ar na bearta faireachais agus rialaithe le haghaidh maláire agus fiabhrais na Níle Thiar.

Tháirg an ECDC léarscáileanna dailte spásúla fhiabhras na Níle Thiar ar bhonn seachtainiúil i ndáil le cásanna an duine san AE agus i dtíortha comharsanacha (ó dheireadh Mheithimh go lár na Samhna).

² An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú Treoirlínte maidir le faireachas do mhuiscítí ionracha san Eoraip. Stóicólm: ECDC; 2012.



Robert-Jan Smits, Ard-Stiúrthóir Taighde DG, agus an Dr Marc Sprengrer, Stiúrthóir ECDC, ag an ócáid seolta do Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa 2012 sa Bhruiséil

Tá sé ina chúigiú bliain: Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa

Anois ina chúigiú bliain, mheall Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa bliantúil líon curiarrachta de 43 tír rannpháirteacha.

Is tionscnamh sláinte Eorpach é Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa, atá comhordaithe ag an ECDC chun feasacht ar an úsáid stuama d'antaibheathaigh a ardú. Soláthraíonn sé tacaíocht do thíortha na hEorpa trí uirlisí a sholáthar ina bhfuil príomhtheachtaireachtaí agus ábhar cumarsáide teimpléide le hoiriúnú agus le húsáid i bhfeachtais náisiúnta, ag imeachtaí leibhéal an AE, agus mar ábhair straitéise agus na meán.


Mheall 5ú Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa spéis láidir ó na meáin ar fud na hEorpa. Idir 18 Deireadh Fómhair agus 28 Nollaig 2012, rinne 446 alt (i gcló nó ar líne) tagairt do Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa. Meastar gur shroich na

hailt seo 60 milliún léitheoir. Meastar gur shroich an feachtas fógra teilifíse ECDC faoi úsáid stuama d'antaibheathaigh a craoladh ar Euronews thart ar 9.4 milliún Eorpach.

43

20

*Olltíomsú sonraí: 20 bliain de
shonraí ar ionfhabhtuithe gnéas-
tarchurtha*



Ualach galair trom: ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha

D'fhoilsigh an ECDC tuarascáil chuimsitheach ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STI), a chlédaigh 20 bliain de shonraí.

Léiríonn an tuarascáil, dar teideal *Ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha san AE / LEE 1990-2010* ilchineálacht shuntasach maidir le cúram STI agus tuairisciú cásanna, ach freisin leagann sé béim ar chosúlachtaí i dtreochtaí i measc grúpaí i mbaol, mar shampla fir a chleachtann gnéas le fir, daoine óga.

Léiríonn tuarascáil Chlár Faireachais Frithmhíocróbach Gonococcal na hEorpa (Euro-gasp) soghabháiltacht gonocócí atá ag laghdú i ndáil leis na réimeanna cóireála tosaigh. Seoladh plean freagartha chun tacú le Ballstáit i ngónairith atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí a rialú, a bhainistiú agus a chóireáil.

Léiríonn measúnú ar chláir um chosc STI agus VEID i measc fear a chleachtann gnéas le fir nach bhfuil mórán fianaise ann le haghaidh idirghabhálacha éifeachtacha chun ualach na ngalar a laghdú. Leagann sé seo béim freisin ar na dúshláin atá ag baint le dul i ngleic le tarchur leanúnach ETN/VEID i measc fear a chleachtann gnéas le fir.



Ag machnamh ar roghanna éagsúla ag Cruinniú na Saor-Smaointeoirí ar bhruitíneach in Aibreán 2012

Nil ann ach instealladh ...nó dhó

Tugann dhá dháileog den vacsaín bhruitíneach-phlucamas-rubella beagnach cosaint iomlán i gcoinne na mbruitíní. Agus má dhéantar 95% de dhaoine a imdhíonadh go hiomlán, ba chóir go mbeadh deireadh le scaipeadh an víris.

Tá an Eorap ag titim chun deiridh ina gcuid iarrachtaí chun deireadh a chur le bruitíneach, agus teastaíonn ón ECDC é seo a athrú. Thug 'Cruinniú Saor-Smaointeoirí' nuálach in Aibreán saineolaithe ó réimsí na heolaíochta, cumarsáide, agus sláinte an phobail le chéile in iarracht chun straitéisí nua a aimsiú le stop a chur le scaipeadh an ghalair.

Rinne ECDC urraíocht chomh maith ar *fhaisnéis Euronews* faoi bhruitíneach, dírithe ar lucht féachana féideartha de bhreis agus 20 milliún duine.

Sa réimse d'fhaireachas galar, rinne an feasachán do Mhonatóireacht Mhíosúil Bhruitíneach na hEorpa leathnú ar a gcuimsiú. Chomh maith leis na sonraí is déanaí maidir le faireachas na mbruitíní, clúdaíonn sé an bhruitíneach dhearg freisin.



Tá fliú nua roinnte i ndomhan domhandaithe agus idirnasctha

40

Séasúr nua, vacsaín éagsúil

D'fhoilsigh ECDC iomlán 40 eagrán dá fheasachán ar fhliú, *Forbhreathnú Seachtainiúil Faireachas Fliú (WISO)*.

I leathsféar an iarthair, maireann an séasúr fliú go traidisiúnta ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine. Le linn an tséasúir, roimh an séasúr agus tar éis an tséasúir, déanann an ECDC cinnte go bhfuil na figiúirí fliú is déanaí ag oifigigh shláinte phoiblí na hEorpa: i dteannta leis na 40 WISO, d'fhoilsigh an ECDC 20 eagrán dá *Achoimre Seachtainiúil Fliú* chomh maith le 10 bhfoilseachán eolaíocha mórchúiseacha. Tá tuilleadh eolais ar fáil i dtuarascáil fhaireachais fhlíú bhliantúil an ECDC, dar teideal *Fliú san Eoraip*.

In 2012, trí úsáid a bhaint as prótacal an ECDC, léirigh na Ballstáit éifeachtacht neamhleorach na vacsaíní fliú séasúracha.

Cuireann carachtrachta víris míosúla an ECDC, atá déanta i gcomhpháirt le Lónra Pobail na Saotharlann Tagartha d'Fhliú an Duine (CNRL), an t-eolas is déanaí atá ar fáil faoi ghéinitic na víreas timpeall na hEorpa agus ar fud an domhain - píosa riachtanach faisnéise i ndáil le vacsaín éifeachtach fliú a fhorbairt.

Rinne an tionscadal comh-mhaoinithe VAESCO ECDC taighde ar nascanna féideartha idir vacsaíní paindéime agus roinnt fo-iarsmaí sochreidte, amhail síondróim Guillain Barré. Níor aimsíodh aon nasc den chineál sin. Mar sin féin, dhearbhaigh an ECDC tuairimí náisiúnta faoi nasc idir an vacsaín fliú Pandemrix agus narcailléipse le cataipléis i leanaí.

Eitinn agus an chathair: ag tabhairt faoi eitinn 2012

Gach bliain, bíonn an Lá Domhanda TB ar siúl ar 24 Márta.

Úsáideann ECDC an lá seo mar dheis chun díriú ar thopaic amháin TB atá go háirithe práinneach. In 2012, roghnaigh ECDC an téama rialú TB uirbeach mar théama don Lá Domhanda TB. Cuireadh tús le sraith ghníomhaíochtaí agus tugadh tacaíocht dóibh siúd: Bhí imeachtaí 'Rialú TB Uirbeach' ar siúl i mBarcelona, i Milano, i Londain agus in Rotterdam; rinne an ECDC agus an Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip stiúrtha ar chomhrá twitter; dáileadh preaseisiúint agus pacáiste; foilsíodh ailt ar rialú uirbeach na heitinne in irisí piarmheasúnaithe; agus seoladh físeán saineolaí.

Tuarascáil chuimsitheach fhaireachais ECDC Soláthraíonn Faireachas agus monatóireacht eitinne san Eoraip 2012 don chéad uair, forbhreathnú ar an dul chun cinn maidir le rialú na heitinne san AE/LEE.

Ar iarratas ó na haireachtaí sláinte, sheol ECDC agus an Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip foireann de shaineolaithe chun na hUngáire agus chun na Laitvia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an staid rialaithe eitinne sna tíortha, agus - mar aon le saineolaithe áitiúla - thug moltaí tábhachtacha chuig na húdaráis sláinte le haghaidh gnímh chun cosc, rialú agus cúraim eitinne a fheabhsú.

24

Eitinn mycobacterium, mar atá le feiceáil faoi fhorfhéadú ard



13 000 000

Staca d'fhreastalaithe ag ECDC

An pictiúr mór: faireachas cuimsitheach galair

13 milliún. Is é sin an líon taifead ar leith atá stóráilte i mbunachar sonraí TESSy an ECDC.

Cuireann TESSy - An Córas Faireachais Eorpach - rochtain láithreach ar fáil ar shonraí ar 49 galar tógálacha. Leathnaíodh cearta rochtana ar 1500 sainúsáideoir as 56 tír.

Is é ceann de na dúshláin mhóra nuair a bhailítear agus nuair a dhéantar anailís ar shonraí faireachais ó thíortha agus ó chórais iolracha ná caighdeán cáilíochta leordhóthanacha na sonraí a chothabháil. Dá bhrí sin, cuireadh tús le roinnt tionscnamh in 2012 chun feabhas a chur ar cháilíocht shonraí ag leibhéal éagsúla d'fhochórais tuairiscithe agus bunachar sonraí.

D'fhorbair grúpa saineolaithe faireachais treoirlínte chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí chun córas faireachais náisiúnta a mheasúnú. Rinne saineolaithe ECDC staidéar chomh maith ar conas a thuiriscíonn córais fhaireachais náisiúnta sonraí go dtí TESSy, ag iarraidh míniú a thabhairt ar na difríochtaí suntasacha i rátaí tuairiscithe idir na Ballstáit éagsúla.



Scéal rathúil ón tús ab ea ESCAIDE

Tacaíocht eolaíochta: ag roinnt an eolais

I ngnáthsheachtain oibre, eisíonn ECDC ar a laghad ceithre dhoiciméad eolaíocha. In 2012, b'ionann é seo agus 240 foilseachán eolaíocha.

Tá cuid de na doiciméid seo measartha gearr, amhail measúnuithe riosca tapa ECDC nó tuarascálacha fliú, ach tá beagnach 40% dár ndoiciméid eolaíocha ina mórstaidéir eolaíocha, ag tabhairt lérgais do na léitheoirí ar gach gné de shláinte phoiblí.

D'fhreastail breis agus 600 rannpháirtí ar an nComhdháil Eorpach Eolaíoch 2012 ar Eipidéimeolaíocht Ghalair Thógálach Fheidhmeach (ESCAIDE), a tionóladh i Stócólm ar 24-26 Deireadh

Fómhair. Feidhmíonn ESCAIDE mar fhóram le haghaidh eolaithe sláinte poiblí, eipidéimeolaithe, micribhitheolaithe, agus daoine eile a bhfuil spéis ghairmiúil acu i ngalar tógálach agus sláinte phoiblí. Tugann an chomhdháil deis den scoth chomh maith chun níos mó a fhoghlaim faoi conas is féidir eipidéimeolaíocht, micribhitheolaíocht agus disciplíní eile a chur i bhfeidhm chun an tionchar ó ghalair teagmhálacha a laghdú.

Is é Eurosurveillance iris eolaíochta den scoth é a bhfuil fachtóir tionchair cúig bliana 4.55 aige.



Lárionad Oibríochtaí Éigeandála ECDC

57

Ag faire amach do: ag brath bagairtí sláinte

Aithníodh agus rinneadh monatóireacht ar 57 bagairt sláinte nua in 2012.

Ba é 69 líon iomlán na mbagairtí sláinte ar rinneadh monatóireacht orthu i 2012, mar tugadh ar aghaidh roinnt bagairtí sláinte ó bhlianta roimhe: I measc na mbagairtí lárthearma agus fadtéarma tá bruitíneach, maláire uatheascarthach sa Ghréig, fliú séasúrach, víreas Schmallenberg, antrasc i measc úsáideoirí drugaí infhéitheacha, fiabhras deinge, fliú A (H5N1), polaimiailíteas, agus fiabhras Chikungunya.

Bhí níos mó ná trian (38%) de na bagairtí ar rinneadh monatóireacht orthu le linn 2012 bainteach le galair a tógadh ó bhia agus ó aicídí a tháining ó uisce. Bhí galair de bhunús comhshaoil agus zónóiseach (19%), fliú (11%) agus galair a d'fhéadfadh vacsaín a chosc

agus galair ó bhaictéir ionracha (9%) ar thosach an liosta. Rinneadh níos lú taifead ar bhagairtí sláinte ón eitinn (3%) agus ó fhriotaíocht fhrithmhiocróbach agus ó ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte (3%). Bhí Heipitíteas, VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, agus ionfhabhtuithe fuil-iompartha ina gcúiseanna le 1%.

Maidir leis na trí imeachta mórtionóil i 2012, is iad sin An Comórtas Peile EURO 2012 sa Pholainn agus san Úcráin, na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha i Londain, rinne an ECDC monatóireacht ar na rioscaí a bhaineann le galair theagmhálacha. Cuireadh tacaíocht ar an lathair ar fáil don Chomórtas Peile EURO 2012 agus do na Cluichí Oilimpeacha.



Tagann rannpháirtithe ar an gcúrsa tosaigh EPIET le céile le haghaidh grianghraif ghrúpa lasmuigh den Lazaretto stairiúil i gCuan Mahon, Menorca, an Spáinn

Daoine cliste ag éirí níos cliste: teagasc agus oiliúint

In 2012, cláraíodh iomlán de 219 saineolaí óga sna cláir EPIET nó EUPHEM (Clár Eorpach um Idirghabháil Eipidéimeolaíochta/Micribhitheolaíocht Sláinte Poiblí) nó ghlac siad páirt i ngearrchúrsaí oiliúna in eipidéimeolaíocht.

Tionóladh breis agus céad ghearrchúrsa oiliúna i 2012, gach ceann acu bunaithe ar mhodúil oiliúna chaighdeánaithe EPIET/EUPHEM.

Ag deireadh 2012, bhí 105 comhalta EPEIT/EUPHEM faoi oiliúint: 27 ó Chohórt 2010, 40 ó Chohórt 2011, agus 38 ó Chohórt 2012.

219

Ag scaipeadh firicí eolaíocha go héifeachtúil: cumarsáid

Is é an tAonad Acmhainne Sláinte Poiblí an mol amháin ag ECDC ina dtagann na gníomhaíochtaí go léir cumarsáide le chéile.

In 2012, d'eisigh ECDC 240 foilseachán eolaíocha. Téann gach foilseachán trí phróiseas eagarthóireachta struchtúrtha a chinntíonn go bhfuil an t-eolas atá foilsithe ag ECDC barántúil go hacadúil agus sothuigte do na húsáideoirí tábhachtacha.

Tá láithreacht láidir ar líne bunaithe ag ECDC, agus é rannpháirteach ar Twitter, Facebook agus YouTube. Feidhmíonn an tairseach gréasáin ECDC mar phointe iontrála do láithreán gréasáin corparáideach ECDC, láithreáin comhdhála, agus eislíonta tiomanta. In 2012, thug thart ar 780 000 duine cuairt ar an láithreán gréasáin, a bhuíochas sin d'fheabhsúcháin i ndearadh, i bhfeidhmiúlacht agus in ábhar an láithreáin.


Bhí sé ríthábhachtach go raibh nascanna láidre leis na meáin le lin na bliana, agus breis is 3000 alt a chlúdáíonn ECDC sna meáin agus rochtain daoine de 270 milliún i gceist. Déantar próiseas ar fhiosruithe ginearálta maidir le réimsí leathan d'ábhair go rialta tríd an mbosca poist (info@ecdc.europa.eu), agus tugadh freagraí ar na céadta fiosrú in 2012.

In 2012, fuair an iris eolaíochta *Eurosurveillance* a chéad fhachtóir tionchair. Rangaigh 6.15 le haghaidh 2011 *Eurosurveillance* ag rang 6 i measc na 70 iris i gcatagóir na ngalar tógálach. D'fhoilsigh an iris 186 alt piarmheasúnaithe agus 14 eagarfhocal. Ba é an ráta diúltaithe ná 76% i ndáil le hailt rialta. In 2012, nuair a tháinig sé chun feasa go raibh othair as an Araib Shádach agus as Catar ionfhabhtaithe le coróinvíreas nua, bhí *Eurosurveillance* i measc na chéad iris eolaíochta a chur faisnéis údarásach ar

fáil. San iomlán, d'fhoilsigh an iris ocht gcumarsáid tapa phiar-athbhreithnithe ar an gcoróinvíreas nua laistigh de thrí mhí.




Is é Eurosurveillance iris eolaíochta den scoth ECDC



Cé muid: acmhainní daonna


Ag deireadh 2012, bhí 278 ball foirne lánaimseartha ag ECDC. In éineacht leis an bhfoireann eatramhach, oiliúnaithe, agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, méadaíodh líon iomlán na ndaoine a bhí fostaithe ag ECDC go dtí 309.

Fostaíonn an tIonad 60% de mhná agus 40% d'fhir (Gníomhairí ar Conradh agus Gníomhairí Sealadacha).



Comhréir agus cothromaíocht gheografach fhoirne reachtúla ECDC
(Gníomhairí ar Conradh agus Gníomhairí Sealadacha), de réir tíre
tionscanta, 31 Nollaig 2012.

AT	An Ostair	IT	An Iodáil
BE	An Bheilg	LV	An Laitvia
BG	An Bhulgáir	LT	An Liotuáin
CY	An Chipir	MT	Málta
CZ	Poblacht na Seice	NL	An Ísiltír
DK	An Danmhaig	PL	An Pholainn
EE	An Eastóin	PT	An Phortaingéil
FI	An Fhionlainn	RO	An Rómáin
FR	An Fhrainc	SK	An tSlóvaic
DE	An Ghearmáin	SI	An tSlóivéin
EL	An Ghréig	ES	An Spáinn
HU	An Ungáir	SE	An tSualainn
IE	Éire	UK	An Ríocht Aontaithe



Uimhreacha Earcaíochta



**An Láirionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú
(ECDC)**

Seoladh poist:
ECDC, 171 83 Stócólm, an tSualainn

Seoladh cuairte:
Tomtebodavägen 11A, Solna, An tSualainn

Teileafón +46 (0) 8 58 60 10 00

Facs +46 (0)8 58 60 10 01

www.ecdc.europa.eu

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh

www.europa.eu

